AN CHLÁRLANN NÁISIÚNTA AILSE

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

National Cancer Registry Ireland

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

CLÁR NA NÁBHAR

BROLLACH 2
RÁITEAS ÓN STIÚRTHÓIR 3
STAIR AGUS CÚLRA 4
SRACFHÉACHAINT AR NCRI 5
TUAIRISC ÓN gCATHAOIRLEACH 6
ÁR MISEAN AGUS ÁR gCUID LUACHANNA 8
ÁR dTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA I gCOMHAIR 2020-2022 9
TUAIRISC AR AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 10
TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 14
AN FHOIREANN 17
FORLÉARGAS AR ÍDIÚ FUINNIMH IN 2021 17
GNÍOMHAÍOCHTAÍ 18
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021 25

BROLLACH

Is cúis áthais dom an brollach seo a chur le Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Clárlainne Náisiúnta Ailse don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

Ba bhliain í 2021 ina raibh dúshláin thar na bearta le sárú ag an Earnáil Cúraim Sláinte in Éirinn, go háirithe paindéim COVID-19, atá fós ar siúl, agus na cibirionsaithe ar Chórais FSS. Ina ainneoin sin, sheas an borradh a bhí faoi sheirbhísí diagnóiseacha agus cóireála ailse mar fhreagairt ar riachtanais atá ag dul i méid mar gheall ar an daonra a bheith ag fás agus an pobal a bheith ag dul in aois. Is mian liom aitheantas a thabhairt do thábhacht na Roinne Sláinte agus an Chláir Náisiúnta um Rialú Ailse as an bhfreagairt chomhordaithe uathu i leith seirbhísí ailse sna cúinsí dúshlánacha sin.

Is é an fhís is bonn leis an Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026 go mbeimid ag obair as lámha a chéile chun ailse a chosc agus chun cóireáil, sláinte agus folláine, eispéiris agus torthaí a fheabhsú ina gcás siúd a bhfuil nó a raibh ailse orthu. Tá an Chlárlann tiomanta dá cuid féin a dhéanamh chun an Straitéis sin a chur i bhfeidhm. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do na hospidéil Éireannacha, idir phoiblí agus phríobháideach, agus do dhreamanna eile a sholáthraíonn na sonraí agus an fhaisnéis don Chlárlann a bhfuil gá leo ionas gur féidir linn ár sainchúram reachtúil a chomhlíonadh.

Tapaím an deis seo chun fáilte fhoirmiúil a chur roimh an Ollamh Deirdre Murray, a thosaigh ag obair linn i ról an Stiúrthóra ar an 9 Meitheamh 2021. Gabhaim buíochas leis an Ollamh Murray agus lena foireann as an obair dhian a dhéanann siad agus as a mheáite atá siad i dtaobh feabhas leanúnach a bhaint amach, agus iad ag leanúint orthu ag obair ar bhonn cianda le linn cuid mhaith míonna de 2021.

Mar gheall ar fhreagairt lúfar na Clárlainne ar an ionsaí éirice a rinneadh ar FSS i mí na Bealtaine 2021, bhíomar in ann leanúint ar aghaidh lenár n-oibríochtaí le linn an ionsaithe, rud a chuireann béim ar a thábhachtaí atá sé córais láidre, shlána saotharlainne a bheith ann le haghaidh sonraí a aistriú. Tá NCRI tiomanta do bheith ag cloí leis na caighdeáin is airde, agus tacaímid le hinfheistíocht ar leibhéal na n-ospidéal lena n-éascaítear d'aistriú sonraí ar shlí lándigiteach, rud atá i bhfeidhm cheana féin i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird, tugaim aitheantas don obair a rinne an Dr Anna Galvin agus an Dr Fenton Howell, a chuaigh ar scor ón mBord i mí Feabhra 2021, tar éis dóibh a gcuid saineolais a roinnt linn thar thréimhse cúig bliana. Chomh maith leis sin, cuirim fáilte roimh Mary Bourke, Uasal agus roimh an Ollamh Mark Lawlor, ár gcomhaltaí Boird nua, agus guím gach rath orthu. Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas leis na comhaltaí Boird go léir as a dtiomantas leanúnach agus a dtacaíocht don obair a dhéanann an Chlárlann.

J. Coffey

An Dr Jerome Coffey, MD FRCPI FRCR FFRRCS
Cathaoirleach an Bhoird, An Chlárlann Náisiúnta Ailse
20 Meitheamh 2022

RÁITEAS ÓN STIÚRTHÓIR

Tugtar forléargas sa tuarascáil bhliantúil seo ar an obair a rinneamar in 2021 chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh maidir le bailiú, scaipeadh agus anailísiú faisnéise a bhaineann le minicíocht agus leitheadúlacht na hailse in Éirinn.

Le linn 2021, bhí roinnt dúshlán le sárú ag tír na hÉireann, agus ag an Earnáil Sláinte ar fad. In ainneoin na ndúshlán sin, chothaigh an Chlárlann Náisiúnta Ailse an teacht aniar atá inti agus léirigh ár mbaill foirne solúbthacht agus nuálaíocht agus iad ag dul in oiriúint do chúinsí dúshlánacha na paindéime domhanda.

Sa chéad chéim den chianobair, tháinig feabhas ar bhailiú sonraí ailse i dtaobh fógraí cáis de réir mar a bhain NCRI leas as cianrochtain fheabhsaithe ar chórais TF na n-ospidéal, beart ar éascaigh ár gcomhpháirtithe ospidéil go tapa dó chun cabhrú le NCRI agus chun laghdú a bhaint amach ó thaobh líon na ndaoine a chuaigh isteach chuig na hospidéil. Níl na sonraí go léir ar fáil go cianda, áfach, agus d'fhág an mhoill a cuireadh i roinnt ospidéal ar an gcumas nótaí a tógadh de lámh a fháil gur imríodh drochthionchar ar na rátaí ag ar dúnadh cásanna. Ar an drochuair, cailleadh an dul chun cinn a bhí déanta againn nuair a rinneadh cibirionsaí mór éirice i mí na Bealtaine 2021 ar chóras sláinte poiblí na hÉireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Cé nár imríodh tionchar díreach ar na córais TF atá ag NCRI, dúnadh gach córas TF atá ag FSS agus bhí ar NCRI a phróisis a athchumrú arís eile chun déileáil leis na cúinsí sin. Le comhoibriú iontach ónár gcomhpháirtithe in FSS, chuaigh ár bhfoireann in oiriúint don dúshlán nua sin, rud a chuir ar a chumas do NCRI teacht timpeall ar an bhfadhb, ach bhí go leor míonna caite sula rabhamar ar ais arís sa staid ina rabhamar i mí Aibreáin 2021.

In ainneoin na ndúshlán a bhí romhainn san earnáil, thug an eagraíocht seo faoi thionscnaimh thábhachtacha in 2021 faoina bhforbrófar cumais na heagraíochta chun seasamh láidir a thabhairt do NCRI sna seirbhísí náisiúnta sláinte. Thugamar faoi athbhreithniú iomlán ar ár n-ailtireacht sonraí agus thugamar faoi Straitéis Sonraí a fhorbairt. Is iad na tosaíochtaí atá againn i leith na straitéise sin ná cur le húsáid teicneolaíochta agus gabháil sonraí leictreonacha agus cáilíocht sonraí agus rochtain orthu a fheabhsú tuilleadh, caighdeánú a dhéanamh ar an ngnáththuairisciú a dhéantar ar shonraí, cumais anailísíochta a fhorbairt agus córas seachtrach a bhunú le haghaidh sonraí a chomhroinnt.

Mar eagraíocht, aithnímid an tábhacht a bhaineann le bheith i mbun taighde agus tá lúcháir orm go bhfuilimid ag obair arís i gcomhpháirtíocht le Cumann Ailse na hÉireann agus le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn ar thionscadal taighde dar teideal *Examining the impact of COVID19 on cancer in Ireland*.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe in NCRI agus leis an mBord chun ár Straitéis Sonraí a chur i bhfeidhm agus le cabhrú le NCRI leanúint ar aghaidh ag cur go mór leis an taighde i réimse na hailse, leis an bpleanáil seirbhíse agus leis an meastóireacht ar sheirbhísí in Éirinn.

Deirdre Murray

An tOllamh Deirdre Murray ,
Stiúrthóir, An Chlárlann Náisiúnta Ailse
20 Meitheamh 2022

STAIR AGUS CÚLRA

Bunú

Bunaíodh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse le hOrdú Reachtúil 19 de 1991, 'An tOrdú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú)' faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961. Comhlíonann an Bord a fhreagrachtaí reachtúla go léir tríd an gClárlann Náisiúnta Ailse. Leasaíodh an tOrdú faoi dhó: in 1996 le I.R. Uimh. 293/1996 (An tOrdú um an Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 (Leasú)) agus in 2009 leis an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Is comhlacht reachtúil é an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse a bunaíodh in 1991 faoin Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú) mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí (mar a bhí an tráth sin). Seachtar comhaltaí a bhíonn ar an mBord agus ceapann an tAire Sláinte iad.

Ba iad comhaltaí an Bhoird ar an 31 Nollaig 2021:

- An Dr Jerome Coffey (Cathaoirleach)
- Orla Dolan Uasal
- An Dr Catherine Kelly
- An tUasal Eamonn Morris
- An Dr Robert O'Connor
- Mary Bourke Uasal
- An tOllamh Mark Lawlor

Feidhmeanna reachtúla

Is iad feidhmeanna reachtúla an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse, mar a leagtar amach iad in Ordú Reachtúil 19 de 1991:

1. faisnéis a bhaineann le minicíocht agus leitheadúlacht na hailse agus siadaí gaolmhara in Éirinn a shainaithint, a bhailiú, a rangú, a thaifeadadh, a stóráil agus a anailísiú;
2. faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh agus a stóráil i ndáil le gach othar ailse aonair nua-dhiagnóisithe agus maidir le gach siad;
3. cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi sin i dtionscadail fhormheasta taighde agus i bpleanáil agus i mbainistiú seirbhísí;
4. tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar ghníomhaíochtaí na Clárlainne;
5. comhairle, faisnéis agus cúnamh i ndáil le haon ghné den tseirbhís sin a thabhairt don Aire.

SRACFHÉACHAINT AR NCRI

Cé muid, agus cad a dhéanaimid?

Bíonn Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann (NCRI) ag obair thar ceann na Roinne Sláinte agus bailíonn sí faisnéis ó gach ospidéal in Éirinn ar líon na ndaoine a diagnóisíodh le hailse agus ar na cineálacha ailse atá orthu. Ina theannta sin, déanann NCRI faireachán ar an líon daoine a fhaigheann bás de bharr ailse a bheith orthu nó ar chúiseanna eile. Baintear amach sonraí pearsanta agus príobháideacha uile an othair sula gcuirtear achoimrí ar an bhfaisnéis sin ar fáil do ghairmithe poiblí agus gairmithe sláinte sa tuarascáil bhliantúil uainn ar ailse agus sna tuarascálacha eile ar ár suíomh gréasáin.

Conas a thuairiscítear na huimhreacha?

Déantar an fhaisnéis go léir a bhailiú agus a sheiceáil trí mheascán de phróisis láimhe agus próisis leictreonacha. Bailíonn ár mbaill foirne faisnéis faoi dhiagnóisí ailse agus ansin úsáideann siad córas comhaontaithe códaithe (Aicmiú Idirnáisiúnta Galar) chun na cásanna ailse a ghrúpáil ina gcineálacha éagsúla.
Tar éis próiseas chun píosaí éagsúla faisnéise a thiomsú ó ospidéil na hÉireann agus iad a shannadh don duine ceart, foilsítear an tuarascáil bhliantúil ar an ailse tar éis anailís a dhéanamh ar shonraí a bhfuil na gnéithe aitheantais bainte astu.

Cé mhéad duine a diagnóisíodh le hailse?

- Ar an meán, diagnóisíodh 43,638 cás ailse nó siad gaolmhar gach bliain le linn na tréimhse 2017-2019.
- Neoplasmaí neamh-ionracha a bhí i gceist le thart ar 18% (beagnach 1 as gach 5 chás) díobh sin (carcanómaí *in situ*, siadaí a mbaineann iompraíocht neamhchinnte leo agus siadaí neamhurchóideacha san inchinn agus i lárchóras na néaróg).
- Ailse chraicinn nach meilanóma í a bhí in 27% díobh (beagán os cionn 1 as 4).
- Ailse ionrach (lena n-áirítear ailse chraicinn nach meileanóma í) a bhí i gceist le 35,910 cás ar an meán in aghaidh na bliana in 2017-2019.
- Ba é an figiúr ba mhinice a luadh i gcomparáidí idirnáisiúnta ('gach ailse ionrach, gan ailse chraicinn nach meileanóma í san áireamh') ná 24,146 cás (12,849 fear agus 11,298 bean) a diagnóisíodh in aghaidh na bliana le linn 2017-2019, nó 55% (thart ar 1 as 2 chás) de na siadaí go léir a cláraíodh.

Cé mhéad duine a fhaigheann bás den ailse?

- As na básanna go léir a tharla in 2018 in Éirinn, ba í an ailse ba chúis le 31% (beagnach 1 as 3 chás) acu. Tharla 29% agus 13% eile de na básanna mar gheall ar ghalair a bhuaileann an córas imshruthaithe agus an córas riospráide faoi seach.
- Ar an meán fuair 9,190 duine bás in aghaidh na bliana mar gheall ar ailse ionrach (4,864 fear, 4,326 bean) le linn na tréimhse 2016-2018, agus fuair 9,423 duine bás in aghaidh na bliana de bharr aon chineál siada.

Faisnéis as foilseachán de chuid Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann (2021) *Cancer in Ireland 1994-2019: Annual report of the National Cancer Registry*. NCRI, Corcaigh, Éire, ar fáil ag www.ncri.ie

TUAIRISC ÓN gCATHAOIRLEACH

1. Ní dheachaigh aon mhórfhorbairtí tráchtála i bhfeidhm ar an gClárlann le linn 2021.

2. Tá an Chlárlann i mbun a cuid gníomhaíochtaí ó lá go lá de réir beartais agus nósanna imeachta oifigiúla maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní.

3. An córas um rialú inmheánach airgeadais

   a) Tá an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh na Clárlainne.

   b) Ní féidir le córas dá leithéid ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh earráid ábhartha.

   c) Áirítear leis na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a dhéanamh:

   d) Struchtúr bainistíochta atá sainithe go soiléir.

   e) Clár rioscaí a coinníodh cothrom le dáta le linn 2021.

   f) Bhí beartais agus nósanna imeachta inar leagadh amach treoracha maidir le gach réimse gníomhaíochta airgeadais i bhfeidhm i leith na bliana 2021. Tugadh cuntas iontu siúd ar na nósanna imeachta maidir le tuarastail, sonraisc agus éilimh speansas a riar, maidir le cártaí creidmheasa a úsáid agus maidir le hidirbhearta mionairgid chomh maith le nósanna imeachta maidir le sócmhainní a cheannach agus a dhiúscairt. Ba é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a bhí i mbun na feidhme párolla in 2021. Rinneadh réiteach rialta idir taifid na Clárlainne Náisiúnta Ailse agus na taifid atá á gcoimeád ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

   g) Rinne Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirsiú ar an obair a rinne na hIniúchóirí Inmheánacha le linn 2021.

   h) Chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord timthriall iomlán trí bliana d'iniúchtaí inmheánacha lena gclúdaítear na príomhréimsí airgeadais, eagraíochtúla agus oibriúcháin. Rinneadh iniúchtaí inmheánacha foirmiúla in 2021 i réimsí an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais, na Bainistíochta Riosca agus na Cibearshlándála.

   i) Comhaontaíodh buiséad bliantúil foriomlán don Chlárlann inar cuimsíodh buiséad ar leibhéal na rannóg don Teicneolaíocht Faisnéise. Ullmhaítear tuairisc rialta chun figiúirí iarbhír a chur i gcomparáid le figiúirí an bhuiséid agus déantar na figiúirí ionchasacha foriomlána bliantúla a thabhairt cothrom le dáta i rith na bliana.

   j) Deann an Bord athbhreithniú ag gach ceann dá chruinnithe ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.

   k) Comhlíonann an Chlárlann Náisiúnta Ailse na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, seachas eisceacht amháin: cuireadh seirbhís amháin amach ar conradh gan gairm thairisceana in

2020 agus íocadh an sonrasc in 2021 (€28,500 móide CBL). Thug an Chlárlann Náisiúnta Ailse aghaidh ar an eisceacht sin nuair a tugadh isteach Plean Soláthair Corparáideach le linn 2021 agus leanfaidh sí ar aghaidh ag féachaint chuige go gcomhlíonfar an Beartas Soláthair Corparáideach, na nósanna imeachta agus an plean.

l) Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais i leith na bliana 2021 ag an gcruinniú a bhí aige ar an 20 Meitheamh 2022.

4. Tá Cóid Iompair curtha i bhfeidhm ag an gClárlann don Bhord agus do na Fostaithe agus cloítear go hiomlán leo.

5. Tá an Chlárlann ag cloí go hiomlán le beartas an Rialtais maidir le pá an Stiúrthóra agus maidir le pá gach fostaí de chuid comhlacht Stáit.

6. Níl baint le hábhar ag comhlíonadh threoirlínte an Rialtais maidir le táillí chomhaltaí an Bhoird a íoc toisc nach n-íoctar aon táillí le Comhaltaí Boird na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

7. Tá an Chlárlann ag cloí go hiomlán leis na Treoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistiú a dhéanamh ar Thograí Caiteachais Caipitil san earnáil phoiblí.

8. Tá an Chlárlann ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a leagtar síos i mbeartas taistil an Rialtais.

9. Tá an Chlárlann ag cloí go hiomlán le gach ceanglas cuí a shonraítear i gCód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

10. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

11. Ghlac an Bord an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus cloíonn sé leis.

12. Níl baint ag an gClárlann Náisiúnta Ailse le haon díospóidí dlí a bhfuil comhlachtaí Stáit eile páirteach iontu.

13. Ní ann d'aon teagmhais shuntasacha iarchláir comhardaithe.

14. Ós rud é go soláthraíonn an Chlárlann seirbhís phoiblí arna maoiniú ag an Státchiste, trína máthair-roinn, an Roinn Sláinte, measann an Chlárlann gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

15. Chomhlíon an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse gach gné de chomhaontuithe conartha a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar na ráitis airgeadais i gcás inar tharla neamhchomhlíonadh. Ní bhfuarthas aon teachtaireachtaí maidir le neamhchomhlíonadh cheanglais na n-údarás rialála ná na n-údarás cánach i ndáil le hábhar ar bith. Níl an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ar an eolas faoi aon chás inarb amhlaidh nár comhlíonadh dlíthe nó rialacháin, go hiarbhír nó go féideartha, ar cás é a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais.

An Dr Jerome Coffey, MD FRCPI FRCR FFRRCS
Cathaoirleach an Bhoird, An Chlárlann Náisiúnta Ailse
20 Meitheamh 2022

ÁR MISEAN AGUS ÁR gCUID LUACHANNA

Misean	**Is é an misean atá againn ná sonraí a ghabháil agus faisnéis maidir le hothair a bhfuil ailse orthu sa tír seo a sholáthar chun tacú le feabhas a chur ar thorthaí maidir le hailse in Éirinn.**
Fís	**Acmhainn stáit nua-aimseartha, dhinimiciúil agus ardfheidhmíochta a bheidh in NCRI, a bheidh ag obair go comhoibríoch laistigh den chóras sláinte agus ar fud an phobail chun ailse a chosc, a bhrath, a chóireáil, a bhainistiú agus chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar.**
Luachanna	**Is iad ár luachanna na bunphrionsabail a théann i bhfeidhm ar an tslí ina bhfeidhmímid agus ina mbímid ag obair lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár bhfoireann.**

ÁR dTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA I gCOMHAIR 2020-2022

Na Tosaíochtaí Straitéiseacha atá againn i leith na trí bliana atá le teacht, tá siad grúpáilte ina dtrí phríomhréimse fócais: sonraí a ghabháil, faisnéis a chur in iúl, agus an eagraíocht a fhorbairt. Laistigh de na réimsí sin, tá roinnt cuspóirí straitéiseacha aitheanta againn don Chlárlann.

Gabháil Sonraí

a) **Cur le scóip na sonraí arna ngabháil ag an gClárlann**
b) **Feabhas a chur ar cháilíocht sonraí, ar shlándáil sonraí, ar a dtráthúlacht agus ar an rochtain orthu**
c) **Cur le húsáid na teicneolaíochta agus le gabháil sonraí leictreonacha**

Faisnéis a chur in iúl

a) **Feabhas a chur ar ghnáththuairisciú**
b) **Tuairisciú/foilsiú cuimsitheach a dhéanamh ar staidreamh agus ar anailís**
c) **Feabhas a chur ar an nasc eadrainn féin agus comhlachtaí eile**

An Eagraíocht a Fhorbairt

a) **Struchtúr eagraíochtúil nua a chur i bhfeidhm**
b) **Ár bhfostaithe, ár n-acmhainní agus ár gcuid scileanna a fhorbairt**
c) **Ár gcumas pleanála oibriúcháin a fheabhsú**

TUAIRISC AR AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Rialachas

An Bord
Tugann an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse aghaidh ar gach ábhar a leagtar amach sa sceideal cúrsaí, de réir an Chóid Chleachtais.

Faisnéis do chomhaltaí nua an Bhoird
Nuair a cheaptar comhaltaí nua cuirtear faisnéis ar fáil dóibh mar a shonraítear sa Chreat Rialachais don Bhord um an gClárlann Náisiúnta Ailse.

Nochtadh leasanna i gcás chomhaltaí an Bhoird
Coimeádann Rúnaí an Bhoird an clár leasanna agus gach bliain iarrtar ar chomhaltaí an Bhoird agus ar gach ball foirne ábhartha a nochtadh leasanna a thabhairt cothrom le dáta.

Nochtadh Cosanta
Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2021 faoin Acht um Nochtadh Poiblí, 2014.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2021.

An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí
Tá seirbhís iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm agus tá iniúchadh córasach á dhéanamh aici ar gach réimse de ghníomhaíocht na Clárlainne. In 2021, rinneadh iniúchadh ar na réimsí seo a leanas:

1. An Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais
2. Bainistíocht Rioscaí
3. Cibearshlándáil

Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí an Bhoird agus don Fhoireann
Tá Cóid Iompair curtha i bhfeidhm don Bhord agus do na Fostaithe agus cloítear go hiomlán leo.

Soláthar
Cuireadh na baill foirne go léir a bhfuil baint acu le soláthar ar an eolas faoi na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí agus treoraíodh iad chuig an suíomh gréasáin www.etenders.gov.ie chun tuilleadh treorach a fháil. Tá an treoir sin laistigh den chreat rialachais do NCRI. Scríobhadh treoir don fhoireann faoi phróisis soláthair agus scaipeadh í ar na baill foirne go léir a bhíonn ag plé le cúrsaí soláthair. Le linn 2021, rinne NCRI plean soláthair corparáideach a fhorbairt, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm.

Imréiteach cánach
Chinntigh NCRI go gcoimeádann sé deimhniú imréitigh cánach atá cothrom le dáta i leith gach soláthraí a sháraíonn an tairseach €10,000 in aghaidh na bliana.

Diúscairt sócmhainní
Níor diúscraíodh aon sócmhainní arbh fhiú níos mó ná €150,000 iad le linn na tréimhse a ndearnadh athbhreithniú uirthi.

Diúscairt sócmhainní chuig comhaltaí Boird/baill foirne
I gcás gach sócmhainne a diúscraíodh chuig Comhaltaí Boird nó chuig Baill Foirne, is ar phraghas cothrom an mhargaidh ar díoladh í.
Tá doiciméadú déanta ar gach diúscairt dá réir agus is de réir nósanna imeachta iomchuí a rinneadh an diúscairt.

Éadálacha/Fochuideachtaí
Níl aon fhochuideachtaí bunaithe ná faighte ag NCRI.

Éagsúlú an ghnó lárnaigh
Ní raibh aon ghá ann éagsúlú a dhéanamh ar ghnó lárnach NCRI.

Breithmheas ar infheistíocht
Ní dhearnadh aon infheistíocht chaipitil mhór.

Luach saothair an Stiúrthóra
Tá luach saothair an Stiúrthóra ag teacht le treoirlínte iomchuí agus nochtar é sa Tuarascáil Bhliantúil i leith 2021, ina luaitear an buntuarastal bliantúil agus na sochair aoisliúntais.

Táillí na gComhaltaí Boird
Ní íoctar aon táillí leis na Comhaltaí Boird. Foilsítear sa tuarascáil bhliantúil na sonraí faoi íocaíochtaí i leith taistil agus cothabhála, i gcomhréir le rátaí formheasta na hearnála poiblí, le haghaidh na gcruinnithe a bhfreastalaíonn siad orthu.

Beartas pá an rialtais
Íoctar na fostaithe go léir ar rátaí atá i gcomhréir lena ngrád.

Socruithe tuairiscithe
Soláthraíonn an Cathaoirleach tuarascáil bhliantúil an Chathaoirligh don Aire. D'fhormheas an Bord ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh agus cuireadh é san áireamh sa tuarascáil don Aire.

Pleanáil Straitéiseach agus Pleanáil Chorparáideach
Ghlac an Bord a ráiteas straitéise foirmiúil is déanaí, don tréimhse 2020-2022, i mí Mheán Fómhair 2020. Cuireadh Plean Seirbhíse ar fáil don Roinn Sláinte i mí Aibreáin 2021 tar éis don Chlárlann an leithdháileadh caiteachais i leith na bliana a fháil ón Roinn. Sonraíodh sa phlean sin na seirbhísí a bheartaítear don bhliain, ag teacht le ráiteas straitéise an Bhoird, agus laistigh de shrianta an bhuiséid a leithdháileadh.

Comhlíonadh ó thaobh cúrsaí cánach
Tá an Chlárlann lán-chomhlíontach ó thaobh cánach de. In 2021, ba é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne an Párolla a phróiseáil. Soláthraíonn an Coláiste sin seirbhís biúró párolla don Bhord. Coinníonn an Chlárlann cuntas ar Cháin Bhreisluacha agus ar Cháin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla.

Bainistíocht Rioscaí

Tá creatdoiciméad maidir le bainistíocht rioscaí ullmhaithe. Leagtar amach ann sainmhíniú ar riosca, conas a dhéanfar riosca a shainaithint agus a thomhas, cé atá freagrach as agus an bonneagar agus na sásraí chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar riosca agus chun maolú a dhéanamh air. Déantar clár rioscaí a thabhairt cothrom le dáta go rialta ina léirítear aidhmeanna straitéiseacha an Bhoird, an méid a dhéanann an Chlárlann chun rioscaí a mhaolú, agus athruithe a thagann ar chúinsí. Déantar athbhreithniú ar na príomhrioscaí ag cruinnithe an Bhoird agus ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chun féachaint chuige go bhfuil bearta agus straitéisí maolaithe gaolmhara i bhfeidhm.

Tá Plean Leanúnachais Gnó agus Plean Athshlánaithe ó Thubaiste i bhfeidhm.

Cúrsaí Airgeadais

Timpeallacht Rialaithe
Tháinig an Bord le chéile cúig huaire in 2021. Tagann an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile uair sa choicís. Tá leibhéil údaráis tharmligthe i leith caiteachais i bhfeidhm a bhfuil tuiscint mhaith ag an bhfoireann Airgeadais orthu agus a ndéanann sí faireachán orthu.

Faisnéise agus Cumarsáid
Cuirtear cuntais ar fáil ar bhonn míosúil agus déanann an Stiúrthóir athbhreithniú orthu agus scaiptear iad ar na páirtithe ábhartha. Scríobhadh treoir maidir le nochtadh cosanta agus scaipeadh í ar gach ball foirne.

Gníomhaíochtaí Rialaithe
Coinnítear an Bord ar an eolas maidir le caiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad trí chuntais bhainistíochta mhíosúla a ullmhú. Déanann an Stiúrthóir agus an Fhoireann Airgeadais faireachán ar bhonn míosúil ar an gcaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad. Pléitear méideanna nach ionann iad agus an méid atá sa bhuiséad agus comhaontaítear bearta. Cuirtear na cuntais mhíosúla ar aghaidh freisin chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus chuig an Roinn Sláinte mar fhaisnéis dóibh agus chun aiseolas a fháil uathu.

Faireachán agus Bearta
Is é an t-athbhreithniú míosúil ar chaiteachas an príomhbhealach ina ndéantar faireachán ar chaiteachas agus ina gcinntear beart ceartaitheach.

Rialú Buiséid
Cuirtear an chéad dréacht den bhuiséad bliantúil faoi bhráid na Roinne san fhómhar agus bíonn sé bunaithe ar fhigiúirí aschuir na bliana roimhe sin agus ar fhigiúirí caiteachais na bliana seo go dtí seo. Tugtar míniú inste ar aon athraitheas nach beag ó fhigiúirí caiteachais na bliana roimhe sin. Soláthraíonn an Roinn fógra foirmiúil faoin leithdháileadh Caiteachais Neamhchaipitil go luath sa bhliain (i mí Feabhra go hiondúil). Ansin ullmhaíonn NCRI próifíl mhionsonraithe den bhuiséad míosúil ar bhonn an mhéid a leithdháil an Roinn mar aon le Plean Seirbhíse i leith na bliana ina sonraítear na seirbhísí a bheartaítear a chur ar fáil leis an mbuiséad arna leithdháileadh. Déantar faireachán ar NCRI i gcomparáid leis an bplean sin ar feadh na bliana. Cuirtear pacáiste cuntas míosúil ar fáil ina mbíonn na nithe seo a leanas:

- Cuntas mionsonraithe ar ioncam agus caiteachas
- Clár comhardaithe
- Próifíl bhuiséid don bhliain go dtí seo

- Anailís athraithis i gcoinne an bhuiséid
- Réitigh bhainc (lena n-áirítear ráitis bhainc)
- Comhardú trialach achomair.

Sócmhainní Dochta

Coimeádtar an Clár Sócmhainní Seasta ar scarbhileog Excel atá roinnte ina catagóirí mar seo a leanas:

- Bogearraí
- Crua-earraí
- Daingneáin agus feistis
- Trealamh oifige

Tá an leibhéal sonraí seo a leanas sa chlár:

- Bliain an cheannaigh
- Soláthraí
- Tuairisc ar an rud
- Costas
- Dímheas carntha
- Glanluach de réir na leabhar

Réitítear an clár le córas cuntasaíochta Sage ar bhonn bliantúil.

An Dr Jerome Coffey, MD FRCPI FRCR FFRRCS
Cathaoirleach an Bhoird, An Chlárlann Náisiúnta Ailse
20 Meitheamh 2022

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Chomhaontaigh an Bord sraith táscairí feidhmíochta in 2010 chun measúnú a dhéanamh ar mar atá ag éirí leis an gClárlann a cuid cuspóirí a bhaint amach. Roghnaíodh spriocanna sínte a théann beagán thar an bhfeidhmíocht mar atá faoi láthair. Teastaíonn sonraí a chlúdaíonn suas le 24 mí i leith na méadrachta feidhmíochta thíos chun tomhas a sholáthar. Mar thoradh air sin, is í 2019 an bhliain is déanaí ar féidir na staitisticí seo a fhoilsiú ina leith, agus léirítear thíos an fheidhmíocht i dtaobh na dtáscairí sin i leith na cúig bliana go dtí 2019.

Tá na táscairí sin á gcur i láthair i láthair i leith tréimhse inar tharla athruithe agus teagmhais mhóra sa Chlárlann féin agus sa saol mór. Chuir an Chlárlann Córas Clárúcháin nua i bhfeidhm in 2017. Ó 2018 ar aghaidh, b'éigean don Chlárlann acmhainní nach beag a aistriú ó bhailiú sonraí, ó chomhthiomsú agus ó dhúnadh cásanna chun aghaidh a thabhairt ar fhiosrúcháin, sannacháin agus tionscadail a d'eascair as an bhFiosrúchán Scópála ar an gClár Scagthástála um Sheiceáil Ceirbheacs. Ina theannta sin, imríodh drochthionchar ar ghníomhaíochtaí na Clárlainne mar gheall ar phaindéim COVID-19, mar gheall ar an gcibirionsaí ar FSS agus mar gheall ar chibearbhagairtí eile ar líonraí agus córais de chuid ár gcomhpháirtithe.

Tá an Chlárlann ag déanamh athbhreithniú ar a cuid oibríochtaí agus acmhainní chun a hacmhainneacht a chothú arís agus chun cur lena feidhmíocht. Tá an Chlárlann ag fiosrú agus ag breithniú acmhainneacht na teicneolaíochta nua chun a feidhmíocht a fheabhsú tuilleadh. Toisc go ndéanann an Chlárlann sonraí othar a rianú thar thréimhse ama trí theagmhálacha éagsúla agus trí chórais de chuid comhpháirtithe éagsúla i réimse na sláinte, beidh roinnt blianta imithe tharainn sula mbeidh feabhas le sonrú sa mhéadracht feidhmíochta mar thoradh ar na tionscnaimh.

Tráthúlacht




Performance Indicators
100%
90%
80%
70%
60%
50%
40%
30%
20%
10%
0%
2015
2016
2017
2018
2019
Performance Goal
Invasive cancers registered within 12 months of date of incidence
Invasive cancers closed within 24 months of date of incidence

Cruinneas


Performance Indicators
100%
90%
80%
70%
60%
50%
40%
30%
20%
10%
0%
2015
2016
2017
2018
2019
Performance Goal
invasive cancers microscopically verified, if the case is closed



[1][2][3]

[1] Níor próiseáladh gach deimhniú báis ón mbliain 2019
[2] Ba cheart gur cásanna ailse i láthair nach bhfuil sainithe go soiléir a bheadh i gceist le níos lú ná 3% de na cásanna ailse ionraí go léir
[3] Ba cheart gur cásanna deimhnithe báis amháin iad <1% d'iomlán na gcásanna ailse ionraí go léir

AN FHOIREANN

Bhí líon iomlán na mball foirne amhail an 31 Nollaig 2021 comhdhéanta de 45 fostaí nó coibhéis lánaimseartha (FTE) 40.73 duine. San áireamh ansin bhí coibhéis ball foirne buan de 42 fostaí (FTE 36.73) agus triúr ball foirne breise (FTE 3) atá ar conradh sonraithe/sealadach.

Grád	FTE Buan arna gcistiú ag an Roinn Sláinte	FTE Sealadach arna gcistiú ag an Roinn Sláinte	FTE Sealadach arna gcistiú go seachtrach	Líon Iomlán na mBall Foirne
Stiúrthóir	1.00			1
Grád III	1.00			1
Grád IV	4.89			5
Grád V	6.31	1		8
Grád VI	4.76		2	7
Grád VII	4.76			6
Grád VIII	1.00			1
Grád – Léachtóir Sinsearach	0.95			1
Grád – Altra Foirne Sinsearach (SSN)	6.90			8
Grád – Altra Foirne Sinsearach Décháilithe (SSN DQ)	2.25			3
Grád – Altra Foirne (SN)	3.91			4
Iomlán	**37.73**	**1**	**2**	**45**

FORLÉARGAS AR ÍDIÚ FUINNIMH IN 2021

Is i gcomhair aerchóiriú agus téimh a ídítear fuinneamh sa Chlárlann Náisiúnta Ailse den chuid is mó. I measc na nithe eile a ídíonn fuinneamh tá soilsiú, trealamh oifige agus lónadóireacht. Faoi chumhacht leictreachais atá siadsan go léir agus ní úsáidtear gás ná breoslaí iontaise chun críche ar bith. Ní féidir ídiú leictreachais a chionroinnt idir na húsáidí éagsúla sin, toisc gur as an soláthar céanna a thagann siad.
In 2021, d'úsáid an Chlárlann Náisiúnta Ailse 71.05 MWh fuinnimh, agus fuinneamh leictreach amháin a bhí i gceist.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Fáil Sonraí

Sonraí Leictreonacha

Bíonn an Chlárlann i dteagmháil le hospidéil chun sleachta leictreonacha a fháil ó ranna paiteolaíochta agus radaiteiripe, leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun deimhnithe báis leictreonacha a fháil agus leis an Oifig um Praghsáil an Chúraim Sláinte chun sonraí a fháil ó chóras na bhFiosrúchán um Othair Chónaithe in Ospidéil (HIPE). Cruthaítear formhór na siadaí go leictreonach i bhformáid lom agus roinnt bheag de na réimsí líonta isteach. I gcás gach réimse a líontar isteach le linn próiseáil leictreonach, ní mór é a fhíorú de lámh agus an códú a nuashonrú de réir treoirlínte idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ní mór faisnéis maidir le céimeanna agus cóireáil, agus aon réimsí eile atá fós folamh, a líonadh isteach de lámh.
I rith 2021, leanadh ar aghaidh leis an obair chun sonraí leictreonacha eile a chomhtháthú leis an gCóras Clárúcháin Ailse (CRS).

Córas Faisnéise na Saotharlainne Náisiúnta Míochaine (MedLIS)

Lean an fheidhm um Chomhtháthú Sonraí ar aghaidh ag obair le foireann tionscadail MedLIS chun sliocht leictreonach a fhorbairt agus a thástáil do NCRI. Cuireadh an tionscadal sin ar sos i mí na Bealtaine 2021 tar éis an chibirionsaithe ar FSS agus níl sé socraithe fós cén uair a chuirfear tús leis arís.

Cianrochtain

Tá an chianrochtain (inléite amháin) ar chórais TF de chuid ospidéil ábhartha i bhfeidhm arís i gcomhair Cláraitheoirí Sonraí Ailse (CDRanna) i leith gach ospidéil reachtúil. Tá obair ar siúl chun an rochtain sin a chur ar fáil i gcás ospidéil dheonacha agus ospidéil phríobháideacha.

Tionchar COVID-19

Lean baill foirne NCRI ar aghaidh ag obair ón mbaile in 2021. I rith an ama sin thug Cláraitheoirí Sonraí Ailse cuairteanna riachtanacha ar ospidéil chun sonraí a bhailiú sa chás nach raibh na sonraí sin ar fáil trí chianrochtain ar chórais.

Tionchar an Chibirionsaithe

Bhí an tionchar seo a leanas ar NCRI ag an gcibirionsaí ar FSS a rinneadh i mí na Bealtaine 2021:

Cuireadh deireadh leis an gcianrochtain ar gach ospidéal reachtúil, deonach agus príobháideach. Soláthraíodh cianrochtain arís ar chórais ospidéil phríobháideacha laistigh de choicís agus bhí rochtain ar fáil ar an gcuid is mó d'ospidéil dheonacha arís laistigh de mhí amháin. Cuireadh deireadh leis an gcianrochtain ar ospidéil reachtúla ar feadh cúig mhí agus athcheadaíodh cianrochtain ar an gcéad ospidéal reachtúil i lár mhí Dheireadh Fómhair. Tar éis an dara cibirionsaí i mí na Nollag 2021, cuireadh deireadh leis an gcianrochtain ar chórais ospidéil go dtí Eanáir 2022. D'fhág sé sin gur tháinig laghdú mór ar an ráta dúnta i leith siadaí mar

gheall nach bhféadfaí sonraí tráthúla a fháil le haghaidh cuid den chlárúchán. Bhain sé sin go hiondúil le bailiú sonraí oinceolaíochta agus sonraí cliniciúla TNM.

Forbairtí TF

Ailtireacht Sonraí

Is iad na sonraí croílár na hoibre a dhéanann NCRI. Mar sin, bíonn NCRI ar an eolas i gcónaí faoin dul chun cinn agus faoin dea-chleachtas is nuaí maidir le teicneolaíocht agus próisis a bhaineann le sonraí. In 2021 rinne NCRI athbhreithniú ó thús deireadh ar a theicneolaíochtaí agus a phróisis maidir le sonraí a bhailiú, a phróiseáil, a stóráil agus a úsáid. Is é toradh an chleachtaidh sin ná straitéis sonraí, a chuirfidh NCRI i bhfeidhm de réir a chéile sna blianta atá le teacht.

Beartaíodh gur é cultúr tuairiscithe agus anailíse féinseirbhíse a chumasú ar fud na heagraíochta an chéad tosaíocht chun cabhrú le príomhchuspóirí straitéiseacha NCRI a bhaint amach ionas go mbeidh an Chlárlann ina hacmhainn stáit nua-aimseartha, dhinimiciúil ar ardleibhéal feidhmíochta.

Rinneadh meastóireacht chomparáideach ar uirlisí agus teicneolaíochtaí tuairiscithe agus ar a oiriúnaí is atá siad do NCRI. Mar thoradh ar an meastóireacht sin moladh *Tableau* mar an uirlis is fearr a oireann do na riachtanais atá ag NCRI. Cuirfear an uirlis sin i bhfeidhm le linn 2022.

Cothabháil agus uasghrádú crua-earraí

Mar chuid dá chlár cothabhála leanúnach, bhí uasghrádú de dhíth ar sheomra freastalaithe NCRI in 2021. Rinneadh cleachtadh soláthair i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.
Déanann NCRI a ríomhairí glúine a uasghrádú de réir a chéile, agus é á chinntiú go bhfuil gléas a oireann don fheidhm, agus é faoi bharántas, ag gach úsáideoir. Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas sin le linn 2021.

Tacar Sonraí BreastCheck maidir le hAilse Eatraimh

I rith 2021, ar bhonn moladh a rinneadh i dTuarascáil Scally, chuaigh an Chlárlann i gcomhairle leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála chun sonraí leictreonacha de chuid *BreastCheck* a chomhtháthú le bunachar sonraí othar NCRI. B'éigean cuid mhaith oibre a dhéanamh ar ghnéithe TF sula bhféadfaí dul ar aghaidh leis an tionscadal sin. Tá sé beartaithe go dtabharfar an tionscadal i gcrích i Ráithe 2, 2022.

An Córas Clárúcháin Ailse

I rith 2021, cuireadh athruithe a d'iarr na húsáideoirí agus réitithe fabhtanna i bhfeidhm san Ardchóras Fiosrúcháin Ailse (ACES). Cloíonn gach athrú le próiseas foirmiúil rialaithe athraithe. Forbraíodh agus foilsíodh an sceideal leaganacha nua i gcomhair 2021, agus bhí sé chinn de mhórleaganacha le feidhmeanna nua beartaithe i rith na bliana.
Bhí roinnt feabhsuithe móra ar fheidhmeanna i gceist iontu, arna spreagadh ag iarrataí ó úsáideoirí, mar aon le

feabhas ar an éifeachtúlacht, moltaí a rinneadh faoi thionscadal Scally agus breithnithe maidir le cosaint sonraí. Seo a leanas roinnt de na tionscadail mhóra a beartaíodh i gcomhair 2021:

- Feidhmiúlacht a chur san áireamh chun Foclóir Sonraí a bhunú ina dtugtar cur síos cothrom le dáta ar bhunachar na n-othar a bhfuil ailse orthu
- Sonraí leictreonacha Geocode a chomhtháthú, mar aon le feidhmiúlacht chun seoltaí othar a mheaitseáil agus tuairisc a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de mheaitseáil Geocode
- Dul ag obair leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála chun sonraí leictreonacha de chuid *BreastCheck* a chomhtháthú le feidhmiúlacht chun taifid ó *BreastCheck* a mheaitseáil le taifid othar.
- Sásra chun rianú a dhéanamh ar an éifeacht a bhí ag paindéim COVID-19 ar chumas na Clárlainne cloí le rátaí dúnta cásanna trí rianú a dhéanamh ar na cásanna sin inarbh éigean d'úsáideoir dul isteach chuig an ospidéal ionas go bhféadfaí an fhaisnéis riachtanach go léir a bhailiú.

Cibirionsaí ar FSS

I mí na Bealtaine, 2021, rinneadh cibirionsaí mór ar FSS. Ghlac an Chlárlann cur chuige coimeádach agus bhris sí gach nasc le gníomhaireachtaí seachtracha láithreach bonn. Tugadh faoin bpróiseas chun naisc sheachtracha a chur ar bun arís tar éis faireachán breise a dhéanamh ar ár líonra agus feabhsuithe slándála a chur i bhfeidhm air, i gcomhairle le Bord NCRI agus le gníomhaireachtaí seachtracha.

Chuir Rannóg TF NCRI slándáil bhreise lena líonra, ag teacht le riachtanais agus moltaí FSS, le go bhféadfaí naisc líonra le FSS a athbhunú.

Slándáil Líonra

Go luath in 2021, rinne NCRI tairiscint ar réiteach faireacháin maidir le slándáil líonra agus chuir sé an réiteach sin i bhfeidhm. Leis an réiteach a roghnaíodh, déanfar obair réamhghníomhach chun réimsí leochaileacha a aimsiú sa líonra ar cinn iad a bhféadfaí aimhleas a bhaint astu. Áirítear sa réiteach sin bréagionsaí tástála bliantúil. Déantar beart láithreach bonn maidir le gach réimse leochaileachta agus gach laige a aimsítear.

Taighde agus Scaipeadh

Tá sé ina phríomhaidhm ag an gClárlann Náisiúnta Ailse úsáid ár sonraí a chur chun cinn agus a éascú sa taighde agus sa phleanáil agus sa bhainistíocht a dhéantar ar sheirbhísí ailse in Éirinn. Tá coiste bunaithe in NCRI chun bainistiú a dhéanamh ar éascú an taighde agus an aistrithe sonraí chuig taighdeoirí. Rinneadh an próiseas a thriail agus a neadú in 2018.

Clárlanna Cliniciúla

Líonra Ailse Fola na hÉireann

Le cistiú ó Chumann Ailse na hÉireann agus ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, íocadh as forbróir bunachar sonraí agus Cláraitheoirí Sonraí Cliniciúla i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath chun dul ag obair i gcomhar le haemaiteolaí, an tOllamh Mary Cahill in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, chun bunachair sonraí maidir le hailse fola a fhorbairt. Faoi mhí na Nollag 2018 bhí bunachar sonraí maidir le géarleoicéime mhialóideach

(AML) forbartha ag NCRI agus bhí tús curtha leis an obair ar bhunachar sonraí maidir le mialóma iolrach (MM). Tá prótacail bailithe sonraí, foclóirí sonraí agus próisis iniúchóireachta agus dearbhaithe cáilíochta bunaithe freisin. Leanadh ar aghaidh le bailiú sonraí maidir le AML ag NCRI suas go dtí mí Mheán Fómhair 2020, agus in 2021 bhí NCRI ag díriú ar aistriú sonraí chuig comhpháirtithe eile in BCNI.

Deontais a Dámhadh

Tá deontas taighde dáfa ag Cumann Ailse na hÉireann ar Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) chun tionscadal taighde a dhéanamh faoina scrúdófar an tionchar a bhí ag COVID-19 ar ailse in Éirinn. Tá Comhaontú i bhfeidhm ag RCSI agus NCRI chun comhoibriú ar chlár oibre taighde thar thréimhse dhá bhliain. Is é an buiséad don chlár oibre taighde ná €126,368.00.

Scaipeadh

Tuarascálacha a foilsíodh in 2021

1. Cancer in Ireland 1994-2018 with estimates for 2018-2020: Annual report of the National Cancer Registry. NCRI, Corcaigh, **mí na Nollag 2021** (McDevitt J, Walsh PM).

Páipéir phiarmheasúnaithe 2021

1. Andersson TM, Myklebust TÅ, Rutherford MJ, Møller B, Soerjomataram I, Arnold M, Bray F, Parkin DM, Sasieni P, Bucher O, De P, Engholm G, Gavin A, Little A, Porter G, Ramanakumar AV, Saint-Jacques N, Walsh PM, Woods RR, Lambert PC. The impact of excluding or including Death Certificate Initiated (DCI) cases on estimated cancer survival: A simulation study. Cancer Epidemiol. **2021** Aib;71(Pt A):101881. doi: 10.1016/j.canep.2020.101881. **Epub 2021** Eanáir 10.

2. Andersson TM, Rutherford MJ, Myklebust TÅ, Møller B, Arnold M, Soerjomataram I, Bray F, Elkader HA, Engholm G, Huws D, Little A, Shack L, Walsh PM, Woods RR, Parkin DM, Lambert PC. A way to explore the existence of "immortals" in cancer registry data - An illustration using data from ICBP SURVMARK-2. Cancer Epidemiol. **2022** Feabhra;76:102085. doi: 10.1016/j.canep.2021.102085. **Epub 2021** Nollaig 24.

3. Andersson TM, Rutherford MJ, Myklebust TÅ, Møller B, Soerjomataram I, Arnold M, Bray F, Parkin DM, Sasieni P, Bucher O, De P, Engholm G, Gavin A, Little A, Porter G, Ramanakumar AV, Saint-Jacques N, Walsh PM, Woods RR, Lambert PC. Exploring the impact of cancer registry completeness on international cancer survival differences: a simulation study. Br J Cancer. **2021** Márta;124(5):1026-1032. doi: 10.1038/s41416-020-01196-7. **Epub 2020** Nollaig 9.

4. Araghi M, Arnold M, Rutherford MJ, Guren MG, Cabasag CJ, Bardot A, Ferlay J, Tervonen H, ShackL, Woods RR, Saint-Jacques N, De P, McClure C, Engholm G, Gavin AT, Morgan E, Walsh PM, JacksonC, Porter G, Møller B, Bucher O, Eden M, O'Connell DL, Bray F, Soerjomataram I. Colon and rectal cancer survival in seven high-income countries 2010-2014: variation by age and stage at diagnosis(the ICBP SURVMARK-2 project). Gut. **2021** Eanáir;70(1):114-126. doi: 10.1136/gutjnl-2020-320625. **Epub 2020** Meitheamh 1.

5. Araghi M, Fidler-Benaoudia M, Arnold M, Rutherford M, Bardot A, Ferlay J, Bucher O, De P, Engholm G, Gavin A, Kozie S, Little A, Møller B, St Jacques N, Tervonen H, Walsh P, Woods R, O'Connell DL, Baldwin D, Elwood M, Siesling S, Bray F, Soerjomataram I; ICBP SURVMARK-2 Local Leads; ICBP SURVMARK-2 Academic Reference Group; ICBP Clinical Committee–Lung; ICBP SurvMark-2 Academic Reference

GroupICBP SurvMark-2 academic reference group; ICBP Clinical Committee – LungICBP clinical Committee – lung. International differences in lung cancer survival by sex, histological type and stage at diagnosis: an ICBP SURVMARK-2 Study. Thorax. **2022** Aibreán;77(4):378-390. doi: 10.1136/thoraxjnl-2020-216555. **Epub 2021** Iúil 19.

6. Arnold M, Morgan E, Bardot A, Rutherford MJ, Ferlay J, Little A, Møller B, Bucher O, De P, Woods RR, Saint-Jacques N, Gavin AT, Engholm G, Achiam MP, Porter G, Walsh PM, Vernon S, Kozie S, Ramanakumar AV, Lynch C, Harrison S, Merrett N, O'Connell DL, Mala T, Elwood M, Zalcberg J, Huws DW, Ransom D, Bray F, Soerjomataram I. International variation in oesophageal and gastric cancer survival 2012-2014: differences by histological subtype and stage at diagnosis (an ICBP SURVMARK-2 population-based study). Gut. **2021** Samhain 25:gutjnl-2021-325266. doi: 10.1136/gutjnl-2021-325266. Ar líne sula bhfoilseofar é.

7. Cardoso R, Guo F, Heisser T, Hackl M, Ihle P, De Schutter H, Van Damme N, Valerianova Z, Atanasov T, Májek O, Mužík J, Nilbert MC, Tybjerg AJ, Innos K, Mägi M, Malila N, Bouvier AM, Bouvier V, Launoy G, Woronoff AS, Cariou M, Robaszkiewicz M, Delafosse P, Poncet F, Katalinic A, Walsh PM, Senore C, Rosso S, Vincerževskienė I, Lemmens VEPP, Elferink MAG, Johannesen TB, Kørner H, Pfeffer F, Bento MJ, Rodrigues J, Alves da Costa F, Miranda A, Zadnik V, Žagar T, Lopez de Munain Marques A, Marcos-Gragera R, Puigdemont M, Galceran J, Carulla M, Chirlaque MD, Ballesta M, Sundquist K, Sundquist J, Weber M, Jordan A, Herrmann C, Mousavi M, Ryzhov A, Hoffmeister M, Brenner H. Colorectal cancer incidence, mortality, and stage distribution in European countries in the colorectal cancer screening era: an international population-based study. Lancet Oncol. **2021** Iúil;22(7):1002-1013. doi: 10.1016/S1470-2045(21)00199-6. Epub **2021** Bealtaine 25.

8. Clarke N, Dunne S, Coffey L, Sharp L, Desmond D, O'Conner J, O'Sullivan E, Timon C, Cullen C, Gallagher P.J. Health literacy impacts self-management, quality of life and fear of recurrence in head and neck cancer survivors. Cancer Surviv. **2021** Nollaig;15(6):855-865. doi: 10.1007/s11764-020-00978-5. **Epub 2021** Eanáir 9.

9. Keeling E, O'Leary E, Deady S, O Neill JP, Conlon PJ, Moloney FJ. Gender and immunosuppression impact on Merkel cell carcinoma diagnosis and prognosis. A population based cohort study. Skin Health Dis. **2021** Nollaig 8;2(1):e80. doi: 10.1002/ski2.80. eCollection **2022** Márta

10. Kelly M, O'Brien KM, Hannigan A. Using administrative health data for palliative and end of life care research in Ireland: potential and challenges. HRB Open Res. **2021** Bealtaine 26;4:17. doi: 10.12688/hrbopenres.13215.2. eCollection 2021.

11. Menzies S, O'Leary E, Callaghan G, Mansoor N, Deady S, Murad A, Lenane P, O'Neill J, Lally A, Houlihan DD, Murray S, Sexton DJ, McCormick PA, Egan JJ, O'Neill JP, Conlon PJ, Moloney FJ. A population-based comparison of organ transplant recipients in whom cutaneous squamous cell develops versus those in whom basal cell carcinoma develops. J Am Acad Dermatol. **2021** Meitheamh 8:S0190-9622(21)01022-7. doi: 10.1016/j.jaad.2021.05.032. Ar líne sula bhfoilseofar é.

12. Molcho M, Thomas AA, Walsh PM, Skinner R, Sharp L. Social inequalities in treatment receipt for childhood cancers in Ireland: A population-based analysis. Int J Cancer. **2022** Márta 15;150(6):941-951. doi: 10.1002/ijc.33856. **Epub 2021** Samhain 13.

13. Molina-Montes E, Coscia C, Gómez-Rubio P, Fernández A, Boenink R, Rava M, Márquez M, MoleroX, Löhr M, Sharp L, Michalski CW, Farré A, Perea J, O'Rorke M, Greenhalf W, Iglesias M, Tardón A,Gress TM, Barberá VM, Crnogorac-Jurcevic T, Muñoz-Bellvís L, Dominguez-Muñoz JE, Renz H, Balcells J, Costello E, Ilzarbe L, Kleeff J, Kong B, Mora J, O'Driscoll D, Poves I, Scarpa A, Yu J, HidalgoM, Lawlor RT, Ye W, Carrato A, Real FX, Malats N; PanGenEU Study Investigators. Deciphering the complex interplay between pancreatic cancer, diabetes mellitus subtypes and obesity/BMI through causal inference and mediation analyses. Gut. **2021** Feabhra;70(2):319-329. doi: 10.1136/gutjnl-2019-319990. **Epub 2020** Bealtaine 14.

14. Morgan E, Arnold M, Rutherford MJ, Bardot A, Ferlay J, De P, Engholm G, Jackson C, Little A, Saint-Jacques N, Walsh P, Woods RR, O'Connell DL, Bray F, Parkin DM, Soerjomataram I. The impact of reclassifying cancers of unspecified histology on international differences in survival for small cell and non-small cell lung cancer (ICBP SurvMark-2 project). Int J Cancer. **2021** M. Fómh. 1;149(5):1013-1020. doi: 10.1002/ijc.33620. **Epub 2021** Bealtaine 20.

15. Morgan E, Soerjomataram I, Gavin AT, Rutherford MJ, Gatenby P, Bardot A, Ferlay J, Bucher O, DeP, Engholm G, Jackson C, Kozie S, Little A, Møller B, Shack L, Tervonen H, Thursfield V, Vernon S, Walsh PM, Woods RR, Finley C, Merrett N, O'Connell DL, Reynolds JV, Bray F, Arnold M. International trends in oesophageal cancer survival by histological subtype between 1995 and 2014. Gut. **2021** Feabhra;70(2):234-242. doi: 10.1136/gutjnl-2020-321089. **Epub 2020** Meitheamh 17.

16. O'Connell E, McDevitt J, Hill ADK, McNamara DA, Burke JP. Centralisation of rectal cancer care has improved patient survival in the republic of Ireland. Eur J Surg Oncol. **2022** Aibreán;48(4):890-895. doi: 10.1016/j.ejso.2021.10.031. **Epub 2021** Samhain 2.

17. O'Connor M, Céilleachair AÓ, O'Brien K, O'Leary J, Martin C, D'Arcy T, Flannelly G, McRae J, Prendiville W, Ruttle C, White C, Pilkington L, Sharp L. Health-related quality of life in women after colposcopy: results from a longitudinal patient survey. Qual Life Res. **2021** Sep;30(9):2509-2520. doi: 10.1007/s11136-021-02831-3. **Epub 2021** Aibreán 1.

18. O'Connor M, McSherry LA, Dombrowski SU, Francis JJ, Martin CM, O'Leary JJ, Sharp L. Identifying ways to maximise cervical screening uptake: a qualitative study of GPs' and practice nurses' cervical cancer screening-related behaviours. HRB Open Res. **2021** Bealtaine 5;4:44. doi: 10.12688/hrbopenres.13246.1. eCollection 2021.

19. Pilleron S, Charvat H, Araghi M, Arnold M, Fidler-Benaoudia MM, Bardot A, Grønlie Guren M,Tervonen H, Little A, O'Connell DL, Gavin A, De P, Aagard Thomsen L, Møller B, Jackson C, Bucher O,Walsh PM, Vernon S, Bray F, Soerjomataram I. Age disparities in stage-specific colon cancer survival across seven countries: An International Cancer Benchmarking Partnership SURVMARK-2population-based study. Int J Cancer. **2021** Aibreán 1;148(7):1575-1585. doi: 10.1002/ijc.33326. **Epub 2020** D. Fómh. 14.

20. Prior L, O'Dwyer R, Farooq AR, Greally M, Ward C, O'Leary C, Aslam R, Darwish W, Ahmed N, Othman EC, Watson G, Kelly D, Gleeson J, Kiely L, Hassan A, Walsh EM, O'Reilly D, Jones A, Featherstone H, Lim M, Murray H, Hennessy BT, Smyth LM, Leonard G, Grogan L, Breathnach O, Calvert P, Horgan AM, Coate L, Jordan EJ, O'Mahony D, Gupta R, Keane MM, Westrup J, Duffy K, O'Connor M, Morris PG, Kennedy MJ, O'Reilly S, McCaffrey J, Kelly CM, Carney D, Gullo G, Crown J, Higgins MJ, Walsh PM, Walshe JM. Pregnancy-associated breast cancer: evaluating maternal and foetal outcomes. A national study. Breast

Cancer Res Treat. **2021** Aug;189(1):269-283. doi: 10.1007/s10549-021-06263-y. **Epub 2021** Meitheamh 14.

21. Sacchetto L, Rosso S, Comber H, Bouchardy C, Broganelli P, Galceran J, Hackl M, Katalinic A, Louwman M, Robsahm TE, Tryggvadottir L, Tumino R, Van Eycken E, Walsh PM, Zadnik V, Zanetti R. Skin melanoma deaths within 1 or 3 years from diagnosis in Europe. Int J Cancer. **2021** Meitheamh 15;148(12):2898-2905. doi: 10.1002/ijc.33479. **Epub 2021** Feabhra 1.

22. Sexton GP, Walsh P, Moriarty F, O'Neill JP. The changing face of Irish head and neck cancer epidemiology: 20 years of data. Eur Arch Otorhinolaryngol. **2022** Jun;279(6):3079-3088. doi: 10.1007/s00405-021-07118-4. **Epub 2021** D. Fómh. 13.

AN BORD UM AN gCLÁRLANN NÁISIÚNTA AILSE

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

CLÁR NA NÁBHAR

Faisnéis.....2
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird.....3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach.....7
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.....10
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.....11
Ráiteas ar Staid an Airgeadais.....12
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid.....13
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.....14-24

Faisnéis

Stiúrthóir	An tOllamh Deirdre Murray – ceapadh í ar an 9 Meitheamh 2021
Seoladh Gnó	Foirgneamh 6800, Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí, Bóthar Chionn tSáile, Corcaigh T12 CDF7
Iniúchóir	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath
Baincéirí	Bainc-Aontas Éireann cpt, 66 An Meal Theas, Corcaigh

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Bunaíodh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse faoin Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 4 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na Clárlainne Náisiúnta Ailse. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí móra a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i mBeartas Ionduchtúcháin an Bhoird, ina sonraítear na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. Áirítear leis na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Le hAlt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 ceanglaítear ar Bhord na Clárlainne Náisiúnta Ailse gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé.
Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Clárlainne Náisiúnta Ailse:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin más míchuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú, agus
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil ina nochtar, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Is é an Bord atá freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Clárlainne Náisiúnta Ailse.
Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a fhormheas. Ar an 10 Meitheamh 2021, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Clárlainne Náisiúnta Ailse trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Seachas neamhchomhlíonadh cheanglais FRS102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir, measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Clárlainne Náisiúnta Ailse amhail an 31 Nollaig 2021 i ráitis airgeadais na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí, agus is é an tAire Sláinte a cheapann gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhsí éagsúla agus tagann siad le chéile cúig huaire sa bhliain. Sonraítear sa tábla thíos dátaí ceapacháin na gcomhaltaí atá in oifig faoi láthair:

Ainm	Dáta an athcheapacháin	Dáta ar éirigh sé nó sí as
An Dr Jerome Coffey (Cathaoirleach)	15 Feabhra 2021	
An Dr Anna Gavin	15 Feabhra 2016	14 Feabhra 2021
An Dr Fenton Howell	15 Feabhra 2016	14 Feabhra 2021
Orla Dolan Uasal	15 Feabhra 2019	
An Dr Cathy Kelly	14 Feabhra 2021	
An tUasal Eamonn Morris	12 Aibreán 2019 (an chéad cheapachán)	
An Dr Robert O'Connor	12 Aibreán 2019 (an chéad cheapachán)	
Mary Bourke Uasal	15 Iúil 2021 (an chéad cheapachán)	
An tOllamh Mark Lawler	15 Iúil 2021 (an chéad cheapachán)	

Triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin atá **ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca**. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i dtaobh saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus i dtaobh an dearbhaithe ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na Clárlainne. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinnithe agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil i láthair ar a ghníomhaíochtaí.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2021: An Dr Fenton Howell (Cathaoirleach), a d'éirigh as oifig, mar gheall ar a théarma oifige a bheith imithe in éag, ar an 14 Feabhra 2021, Orla Dolan Uasal, an tUasal Eamonn Morris (ceapadh é ina Chathaoirleach eatramhach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag cruinniú Boird mhí an Mheithimh agus ina Chathaoirleach buan ar an gCoiste sin ag cruinniú Boird mhí na Nollag), an tUasal Simon Murtagh (comhalta seachtrach) a d'éirigh as oifig mar gheall ar a théarma oifige a bheith imithe in éag ar an 18 Meitheamh, Mary Bourke Uasal, a ceapadh ar an 7 Deireadh Fómhair, agus an tUasal Cormac McSweeney (comhalta seachtrach) a ceapadh ar an 7 Deireadh Fómhair.
Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste in 2021.

Cuireadh tús le meastóireacht sheachtrach ar fheidhmíocht an Bhoird i Ráithe 4 de 2021.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal maidir leis an tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste don bhliain 2021. Ní íoctar aon táillí le haon chomhalta Boird.

	An Bord	CIR
Comhalta Boird	**5**	**4**
An Dr Jerome Coffey	5	
Orla Dolan Uasal	5	4
An Dr Anna Gavin	1	
An Dr Fenton Howell		1
An Dr Cathy Kelly	3	
An tUasal Eamonn Morris	5	4
An Dr Robert O'Connor	5	
Mary Bourke Uasal	2	2
An tOllamh Mark Lawlor	1	
An tUasal Cormac McSweeney		2
An tUasal Simon Murtagh		2
Líon na gcruinnithe i rith na bliana	**5**	**4**

Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Chlárlann Náisiúnta Ailse ceanglais an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe a bhí os cionn €60,000 sonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Costais Chomhairleoireachta

Áirítear sna costais chomhairleoireachta a shonraítear i nóta 13 a ghabhann leis na ráitis airgeadais an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta. Ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe ar gnáthchuid den ghnó iad.

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Ní raibh aon chaiteachas i gceist le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair an Chlárlann Náisiúnta Ailse, rud a nochtar sna Costais Chomhairleachta thuas.

Caiteachas ar Fháilteachas

Níor thabhaigh an Chlárlann Náisiúnta Ailse aon chaiteachas ar fháilteachas do na baill foirne in 2021. Níor tabhaíodh aon chaiteachas ar fháilteachas i leith na gcliant ach an oiread.

Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil

Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a aicmiú mar seo a leanas:

	In Éirinn	Thar Lear	Iomlán
Fostaithe	€7,126	€0	€7,126
An Bord	€0	€0	€0
	€7,126	€0	€7,126

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go bhfuil an Cód sin á chomhlíonadh. Chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú i leith na bliana 2021.

Thar ceann an Bhoird

..... Dáta: 20 Meitheamh 2022

An Dr Jerome Coffey

Cathaoirleach

..... Dáta: 20 Meitheamh 2022

An tUasal Eamonn Morris

Comhalta Boird

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Scóip na Freagrachta

Thar ceann na Clárlainne Náisiúnta Ailse, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú. Áirítear leis an bhfreagracht sin na ceanglais a shonraítear sa Chód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun rioscaí a bhainistiú ionas gur ar leibhéal inghlactha a bheidh siad, seachas gan rioscaí ar bith a bheith ann. Ní féidir, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt faoin gcóras go ndéanfar sócmhainní a chosaint, go ndéanfar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Chlárlann Náisiúnta Ailse i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas.

Cumas maidir le Rioscaí a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an gClárlann Náisiúnta Ailse a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin air a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tá duine acu ina Chathaoirleach ar an gCoiste. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí sheachfhoinsithe bunaithe ag an gClárlann Náisiúnta Ailse a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne ó thaobh rioscaí de. Eisíodh an beartas do gach ball foirne agus bítear ag súil leis go mbeidh na baill foirne ag cloí le beartais bainistíochta riosca na Clárlainne Náisiúnta Ailse, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí ó thaobh rialaithe de, agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

An Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gClárlann Náisiúnta Ailse faoina sainaithnítear agus a thuairiscítear príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an gClárlann Náisiúnta Ailse agus rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht a shanntar do bhaill foirne ar leith as feidhmiú na rialuithe. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus cuntasacht dá réir,
- tá córas buiséadaithe cuí ann agus buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus

- trí mheán nósanna imeachta lena rialaítear cistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, féachtar chuige go ndéantar rialú leordhóthanach ar fhormheas na ndeontas agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar dheonaithe lena chinntiú gur don chuspóir a bhí beartaithe a baineadh leas as an gcistiú deontais.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh i dtaobh rialaithe de in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh, agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn leanúnach:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a aimsítear,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais, idir chinn thréimhsiúla agus chinn bhliantúla, lena léirítear an fheidhmíocht i gcomparáid leis na buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gClárlann Náisiúnta Ailse lena chinntiú go gcomhlíonfar na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaobh soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. In 2021 bhí 13 chás ann ina bhfuarthas earraí nó seirbhísí ó fhoinse aonair mar gheall ar shaineolas ar leith a bheith ag an bhfoinse sin, chun leanúint ar aghaidh le hobair a rinneadh roimhe sin agus toisc gurb í an fhoinse sin an t-aon cheann amháin a sholáthair earraí agus seirbhísí áirithe. Bhain na seirbhísí a fuarthas le:-

- Seirbhísí Dlí agus Riaracháin (4 Sholáthraí – €16,639)
- Tacaíochtaí TF agus Forbairt Córas (5 Sholáthraí – €155,956)
- Teileachumarsáid agus Idirlíon (4 Sholáthraí – €53,955)

Dírítear aird ar nithe a éiríonn as rialuithe ar sholáthar sna saincheisteanna thíos maidir le rialú inmheánach.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Aimsíodh roinnt laigí ó thaobh rialú inmheánach tríd an Athbhreithniú ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh a rinneadh in 2021. Bhain na laigí sin leis an méid seo a leanas:-

- Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair in 2020 sa chás inar íocadh an sonrasc in 2021.

  Baineann sé sin le conradh a síníodh in 2020 chun tacaíocht eagraíochtúil ar luach €28,785 a fháil ó sholáthraí aonair. Cé go n-aithnítear gur cuireadh feabhas ar rialuithe soláthair sa bhliain atá faoi athbhreithniú, lena n-áirítear trí mholtaí na bliana roimhe sin a chur i bhfeidhm, ba cheart an tseirbhís sin a bheith faighte ag NCRI in 2020 trí phróiseas foirmiúil tairisceana.
- An fhormáid ina gcuirtear faisnéis airgeadais faoi bhráid na Roinne Sláinte, agus
- An chaoi a dtugtar beartais nósanna imeachta airgeadais cothrom le dáta.

Cé nach ndeachaigh na laigí sin i bhfeidhm ar chruinneas ná ar iomláine na ráiteas airgeadais, deimhním gur feabhsaíodh na rialuithe soláthair in 2021, lena n-áirítear formheas agus cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh Soláthair atá againn. Cuireadh tús le tuilleadh gníomhaíochtaí in 2022 chun fáil réidh leis na laigí a aimsíodh.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gClárlann Náisiúnta Ailse chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Chlárlann Náisiúnta Ailse ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tá siad bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre siúd, agus lucht ardbhainistíochta na Clárlainne Náisiúnta Ailse atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith 2021 ag an gcruinniú a bhí aige ar an 20 Meitheamh 2022.

An Tionchar a bhí ag Paindéim COVID-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

De bharr phaindéim COVID-19 a thosaigh go luath in 2020, agus de bharr na mbeart comhairle agus sábháilteachta faoin tsláinte phoiblí a tháinig aisti, tháinig athrú tapa ar chleachtais oibre na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

Lean an Chlárlann Náisiúnta Ailse ar aghaidh ag déanamh géarfhaireachán ar an méid a bhí ag tarlú, agus í ag iarraidh maolú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar oibríochtaí, foireann agus páirtithe leasmhara na Clárlainne. Áirítear leis na bearta a rinne an Chlárlann Náisiúnta Ailse:-

- Aistríodh foireann agus Bord na Clárlainne Náisiúnta Ailse chuig ciantimpeallacht ionas go bhféadfaí leanúint ar aghaidh leis na hoibríochtaí agus maoirseacht éifeachtach a chinntiú.
- Rinneadh na hoiriúnuithe ba ghá ar thimpeallacht fhisiciúil oifig na Clárlainne Náisiúnta Ailse de réir na treorach a foilsíodh agus de réir an mheasúnaithe a rinne saineolaithe.
- Déantar measúnú leanúnach ar rioscaí móra a bhaineann le paindéim COVID-19 agus le cumas na Clárlainne Náisiúnta Ailse i dtaobh freagairt go héifeachtach, gasta di.
- Déantar dualgais a leithscaradh óna chéile agus cinntítear go bhfuil cumhdach ann sa chás nach mbeidh fáil ar údaráis formheasa áirithe.
- Cinntítear go bhfuil gach beartas agus nós imeachta um chosaint sonraí agus bainistíocht taifead ag feidhmiú mar is gnách.
- Táthar ag filleadh ar na hoifigí de réir a chéile de réir na treorach foilsithe.

Arna shíniú thar ceann Bhord na Clárlainne Náisiúnta Ailse

J. Coffey

..... Dáta: 20 Meitheamh 2022

An Dr Jerome Coffey

Cathaoirleach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais i leith an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Tuairim choinníollach maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* – agus cuimsítear leo an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, seachas i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir, rud dá dtagraítear thíos, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i leith 2021 i gcomhréir le FRS 102.

An bunús atá leis an tuairim choinníollach maidir leis na ráitis airgeadais

De réir na dtreoracha ón Aire Sláinte, ní choinníonn an Bord cuntas ar chostais na dteidlíochtaí sochair aoisliúntais go dtí go mbíonn siad iníoctha. Ní chloíonn sé sin le FRS 102, faoina gceanglaítear go n-aithneofar sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ar an dáta tuairiscithe. Ní dhearnadh cainníochtú ar éifeacht an neamhchomhlíonta ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse i leith na bliana 2021.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a chur faoin tuairim uaim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais ag an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i leith tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar chúrsaí áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

John Crean
Thar ceann an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste agus ar a shon

24 Meitheamh 2022

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó na Comhaltaí Boird, tá freagracht ar na Comhaltaí Boird as an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991
- a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas an bhfuil sé cuí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

Na Freagrachtaí atá ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé ina chuspóir agam leis an iniúchadh sin dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí, in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a chothú ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí is atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Tugaim breith ar a oiriúnaí a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras nach beag a chaitheamh ar an gcumas atá ag an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ó thaobh leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar theagmhais nó dálaí amach anseo, áfach, go scoirfidh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téim i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear sa tuairim uaim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dom, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc ina dtaobh más rud é go n-aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht le linn an iniúchta teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc air má aimsím cás ábhartha ar bith inarb amhlaidh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe ina leith nó cás ar bith inarb amhlaidh nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis arna rialú.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Ioncam			
An Roinn Sláinte	**2**	3,493,788	3,379,352
Ranníocaíochtaí sochair scoir	**3**	71,501	74,720
Ioncam Eile	**4**	74,904	130,047
Ioncam Iomlán		3,640,193	3,584,119
Caiteachas			
Costais foirne	**5**	2,725,039	2,586,936
Costais riaracháin	**6**	802,910	854,670
Taisteal agus cothabháil		7,126	3,956
Caiteachas Iomlán		3,535,075	3,445,562
Barrachas na bliana roimh leithreasaí		105,118	138,557
Aistriú (chuig an)/ón gcuntas caipitil	**10**	(141,806)	(5,730)
(Easnamh) / Barrachas na bliana tar éis leithreasaí		(36,688)	132,827
Iarmhéid ar Aghaidh amhail an 1 Eanáir		201,769	68,942
Iarmhéid ar Aghaidh amhail an 31 Nollaig		**165,081**	**201,769**

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh i leith na bliana.
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ar leathanach 13 agus na nótaí ar leathanaigh 14-24, is cuid de na ráitis airgeadais seo iad.

Thar ceann an Bhoird:

..... Dáta: 20 Meitheamh 2022
An Dr Jerome Coffey
Cathaoirleach

..... Dáta: 20 Meitheamh 2022
An tUasal Eamonn Morris
Comhalta Boird

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2021 €	2020 €	2020 €
Maoin, Gléasra agus Trealamh	**7**		246,807		105,002
Sócmhainní Reatha					
Méideanna Infhála agus Réamhíocaíochtaí	**8**	189,494		141,453	
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		280,470		349,206	
		469,964		490,659	
Dliteanais Reatha					
Asbhaintí do na Coimisinéirí Ioncaim agus Párolla		78,491		70,874	
Méideanna Iníoctha Eile		32,482		33,177	
Fabhruithe		109,235		87,789	
Deontais a fuarthas roimh ré	**9**	84,675		97,050	
		304,883		288,890	
Glansócmhainní Reatha			165,081		201,769
Iomlán na nGlansócmhainní			**411,888**		**306,771**
Lena léirítear:					
Cuntas Caipitil	**10**		246,808		105,002
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe			165,080		201,769
			411,888		**306,771**

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ar leathanach 13 agus na nótaí ar leathanaigh 14-24, is cuid de na ráitis airgeadais seo iad.

Thar ceann an Bhoird:

..... Dáta: 20 Meitheamh 2022

An Dr Jerome Coffey
Cathaoirleach

..... Dáta: 20 Meitheamh 2022

An tUasal Eamonn Morris
Comhalta Boird

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €	2020 €
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas an Chaiteachais ar an Ioncam	(36,688)	132,827
Dímheas agus Lagú na Sócmhainní Seasta	167,982	80,622
Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil	141,806	5,730
(Méadú) / Laghdú ar Mhéideanna Infhála	(48,041)	34,835
Méadú / (Laghdú) ar Mhéideanna Iníochta	15,993	(163,015)
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	241,052	90,999
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	(309,788)	(86,352)
Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	0	0
Glanmhéadú / (Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	(68,736)	4,647
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir 2021	349,206	344,559
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig 2021	**280,470**	**349,206**

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na príomhbheartais chuntasaíochta a ghlac an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bhunaigh an tAire Sláinte an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (an Chlárlann) in 1991 faoi I.R. Uimh. 19/1991 – An tOrdú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Bunaíodh an Chlárlann chun faisnéis a thaifeadadh maidir le gach cás ailse a tharlaíonn in Éirinn agus tá a leithéid de shonraí á mbailiú aici ó 1994 i leith.
Leagadh síos a feidhmeanna sa reachtaíocht in 1991, rinneadh leasú orthu in 1996 agus sonraítear anseo thíos iad:

- Faisnéis a bhaineann le minicíocht agus leitheadúlacht na hailse agus siadaí gaolmhara in Éirinn a shainaithint, a bhailiú, a rangú, a thaifeadadh, a stóráil agus a anailísiú;
- Faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh agus a stóráil i ndáil le gach othar ailse aonair nua-dhiagnóisithe agus maidir le gach siad;
- Úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi sin i dtionscadail fhormheasta taighde agus i bpleanáil agus i mbainistiú seirbhísí a chur chun cinn agus a éascú;
- Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar bhonn ghníomhaíochtaí na Clárlainne;
- Comhairle, faisnéis agus cúnamh i ndáil le haon ghné den tseirbhís sin a thabhairt don Aire.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí í an Chlárlann.

b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Clárlainne don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna mhodhnú le treoracha ón Aire i ndáil le haoisliúntas. De réir na dtreorach ón Aire, ní thugann an Bord cuntas ar chostais na dteidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha. [Féach Beartas Cuntasaíochta (i)].
Níl an bonn cuntasaíochta sin ag luí le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, faoina gceanglaítear go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá formheasta ag an Aire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991.
Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Clárlainne.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear Deontais Ioncaim ar bhonn fáltas airgid. Aistrítear deontais chaipitil chuig Cuntas Caipitil agus déantar iad a amúchadh thar an tréimhse chéanna a ndéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas ina leith.

e) Deontais Taighde

Aithnítear deontais taighde sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas comhfhreagrach agus tugtar cuntas orthu mar Ioncam Eile.

f) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i dtaobh aon soláthar i gcomhair lagú. Sanntar muirear dímheasa iomlán 12 mhí i mbliain na fála do shócmhainní a fhaightear. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus saothair ealaíne, ag rátaí a mheastar lena ndíscríobhfar an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dhíreach thar an tsaolré ionchais a mheastar a bheidh acu, mar seo a leanas:

(i) Daingneáin agus Feistis	20% in aghaidh na bliana
(ii) Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
(iii) Crua-Earraí Ríomhaire	25% in aghaidh na bliana
(iv) Bogearraí Ríomhaire	33% in aghaidh na bliana

Léiríonn an luach iarmharach an méid a mheastar a gheofaí faoi láthair dá ndéanfaí an tsócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mba amhlaidh cheana féin go raibh an tsócmhainn san aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré ionchais.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas de bharr lagú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na bliana.

g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas ar an gcíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar ré an léasa.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

h) Sochair Fostaithe

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr um Méideanna Iníoctha Eile sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

i) Sochair Scoir

Ar bhonn ordú ón Aire níl aon soláthar déanta maidir le sochair fabhraithe a bheidh iníoctha sna blianta atá le teacht faoi Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe agus an Scéim do Chéilí agus Leanaí a ghabhann léi. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill den scéim a chur chun sochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a fhaightear iad. Is nuair a bhíonn siad iníoctha a ghearrtar íocaíochtaí Sochair Scoir ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Na daoine go léir a théann isteach sa tseirbhís phoiblí le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, is baill de Scéim Pinsin na hEarnála Poiblí Aonair iad, faoina n-íoctar asbhaintí pinsin na bhfostaithe go léir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tráth a n-íoctha. Ar bhonn ordú ón Aire níl aon soláthar déanta maidir le sochair a bheidh iníoctha sna blianta atá le teacht.

j) Breithiúnais agus Meastacháin Rí-thábhachtacha Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus do na méideanna a thuairiscítear i leith ioncaim agus speansas i rith na bliana. Is é is dual don mheastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Seo iad na breithiúnais a raibh an tionchar ba mhó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

k) Cuntasaíocht Chaipitil

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire, gearrtar caiteachas ar shócmhainní seasta breise ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitil, ag brath ar cibé an le caipiteal nó as na cistí ioncaim a íocfar as an tsócmhainn. Déileálfar mar shócmhainn sheasta freisin le Trealamh Ríomhaireachta/TFC os cionn €2,000 agus Trealamh eile os cionn €7,000 a íoctar ón Ioncam.

l) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe ar shaolré eacnamaíoch ionchais agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus chinn siad go bhfuil saolré agus luachanna iarmharacha iomchuí sannta i leith na sócmhainní.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. An Roinn Sláinte

	2021 €	2020 €
Deontas Ioncaim (Vóta 38, Fotheideal B.1)	3,184,000	3,293,000
Deontas Caipitil (Nóta 9)	309,788	86,352
	3,493,788	3,379,352

3. Ranníocaíochtaí Sochair Scoir

Choinnigh an Bord ranníocaíochtaí €71,501 (2020 – €74,720) a asbhaineadh ó thuarastail bhaill scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe agus cuireadh chun sochar na gcuntas mar Ioncam iad.

Rinneadh ranníocaíochtaí €21,185 (2020 – €27,173) a asbhaineadh ó thuarastail na mball de Scéim Aonair na hEarnála Poiblí a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Íocadh leis an Roinn Sláinte ranníocaíochtaí aoisliúntais breise (de réir Chiorclán 21/2018 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) dar luach €45,441 (2020 – €46,535) a asbhaineadh ó thuarastail na mball foirne go léir.

4. Ioncam Eile

	2021 €	2020 €
Deontais Taighde		
IPCOR (MMI)	0	18,385
Cosc Ailse (ICS)	59,552	61,979
An Líonra Ailse Fola (BCNI)	15,352	49,458
	74,904	129,822
Deontais nach i gcomhair Taighde iad		
Ilghnéitheach	0	225
	74,904	130,047

Fuarthas na deontais ó na heagraíochtaí seo a leanas:
An Bord Taighde Sláinte (HRB), an tAontas Eorpach (AE), Molecular Medicine Ireland (MMI), Líonra Ailse Fola Éireann (BCNI), Cumann Ailse na hÉireann (ICS).

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. Costais Foirne

(a) Meánlíon na bhFostaithe

	2021 Líon	2020 Líon
Ba é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana ná:		
Stiúrthóir	1	1
Lucht Riaracháin	25	28
Cláraitheoir Sonraí Ailse	19	19
	45	**48**
Líon coibhéiseach lánaimseartha amhail an 31 Nollaig	**40.73**	**39.00**

(b) Sochair Chomhiomlána na bhFostaithe

	2021 €	2020 €
Sochair ghearrthéarmacha na mball foirne	2,056,068	2,099,026
Sochair tráth an fhoirceanta	0	192
Ranníocaíocht fostóra i dtaobh leas sóisialach	215,246	225,177
Costas na Sochar Scoir	217,405	163,934
Conraitheoirí a bhíonn ag plé le gnáthghnó	236,320	98,607
	2,725,039	2,586,936
Sochair Foirne ghearrthéarmacha		
Bunphá	2,056,068	2,099,026
Ragobair	0	0
Liúntais	0	0
Iomlán	2,056,068	2,099,026

Tá tuilleadh faisnéise maidir le príomhdhaoine den lucht bainistíochta i nóta 12.

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. Costais Foirne (ar lean)

(c) Luach Saothair an Stiúrthóra (gach gné ghearrthéarmach seachas ÁSPC an fhostóra)

	2021	2020
	€	€
Sealbhóir an Phoist Roimhe Seo (go dtí an 28 Márta 2021)	34,001	123,226
Sealbhóir an Phoist Faoi Láthair (ón 9 Meitheamh 2021)	72,219	0
	106,220	123,226
Speansais an Stiúrthóra		
Sealbhóir an Phoist Roimhe Seo	0	302
Sealbhóir an Phoist Faoi Láthair	0	0
	0	302

Bhí an sealbhóir poist roimhe seo páirteach i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus ní bhfuair sé aon Luach Saothair i gCoibhneas le Feidhmíocht in 2021. Ní áirítear thuas na sochar scoir a tuilleadh le linn na tréimhse.

Tar éis próiseas earcaíochta oscailte, ghlac an Stiúrthóir atá ann faoi láthair freagracht as an ról i mí an Mheithimh 2021, faoi shocrú iasachta le FSS ar feadh tréimhse cúig bliana. Aisíocann NCRB le FSS Pá Comhlán an Stiúrthóra agus costais ÁSPC an Fhostóra agus an méid sin amháin; níl aon aoisliúntas ná sochair eile san áireamh sna méideanna a íoctar le FSS. Ní bhfuair an té atá sa phost faoi láthair aon Luach Saothair i gCoibhneas le Feidhmíocht in 2021.

(d) Líon na bhFostaithe arna miondealú de réir banda tuarastail ag deireadh mhí na Nollag

	2021	2020
Níos lú ná €60K	38	38
Idir €60K – €70K	4	3
Idir €70K – €80K	0	0
Idir €80K – €90K	1	1
Idir €90K – €100K	0	1
Idir €100K – €110K	1	0
Idir €110K – €120K	0	0
Idir €120K – €130K	1	1
Iomlán	45	44

(e) Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird

Ní íoctar táillí leis na comhaltaí Boird. Thabhaigh Comhaltaí Boird Costais Taistil agus Cothabhála €0 as freastal ar chruinnithe Boird in 2021. Tabhaíodh costais €0 in 2020.
Íocadh táille €4,050 le Comhalta Boird in 2020 maidir le Comhairleacht le haghaidh Obair Earcaíochta. Níor tabhaíodh aon chostais in 2021

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

6. Costais riaracháin

	2021	2020
	€	€
Tomhaltáin Oifige	8,957	5,783
Táillí cúiréirí agus seachadta	641	1,336
Leabhair agus tréimhseacháin	756	219
Táille iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	14,300	13,000
Táillí iniúchóireachta eile	33,675	6,950
Earcaíocht	35,203	17,394
Táillí oiliúna agus comhdhála	16,303	21,112
Cíos agus muirir sheirbhíse	179,767	180,719
Árachas	13,516	11,453
Deisiú agus cothabháil foirgneamh	141	0
Solas agus teas	16,561	14,642
Ceadúnais, síntiúis agus tacaíocht	157,155	334,540
Clódóireacht, postas agus stáiseanóireacht	1,280	1,485
Teileafón, facs agus idirlíon	48,332	44,388
Táillí do lucht dlí agus gairmithe	73,924	105,204
Muirir bhainc	530	437
Ilchostais	2,053	2,272
An Tionscadal um Thagarmharcáil Ailse	23,320	8,307
Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise	8,514	4,808
Dímheas ar threalamh ríomhaireachta	166,923	79,096
Dímheas ar threalamh oifige	1,059	1,525
Iomlán na gCostas Riaracháin	802,910	854,670

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh Ríomhaireachta	Daingneáin agus Feistis	Trealamh Oifige	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2021	1,336,517	304,663	27,545	1,668,725
Breiseanna	309,788	0	0	309,788
Diúscairtí	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2021	**1,646,305**	**304,663**	**27,545**	**1,978,513**
Dímheas				
Amhail an 1 Eanáir 2021	1,232,574	304,663	26,486	1,563,723
Ar dhiúscairtí	0	0	0	0
Muirear i leith na bliana	166,924	0	1,059	167,983
Amhail an 31 Nollaig 2020	**1,399,498**	**304,663**	**27,545**	**1,731,706**
Glanluachanna de réir na leabhar				
Amhail an 31 Nollaig 2021	**246,807**	**0**	**0**	**246,807**
Amhail an 31 Nollaig 2020	103,943	0	1,059	105,002

Áirítear leis an Trealamh Ríomhaireachta Bogearraí Ríomhaire ag a bhfuil glanluach €214,740 de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2021 agus €69,087 amhail an 31 Nollaig 2020.

8. Méideanna infhála agus Réamhíocaíochtaí

	2021 €	2020 €
Méideanna infhála – Deontais Taighde (Nóta 9)	**2,634**	0
Méideanna infhála – Eile	**416**	406
Réamhíocaíochtaí	**186,444**	141,047
	189,494	141,453

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. Deontais

Tionscadal (Deontóir)	Ag oscailt ar an 1 Eanáir	Ioncam a Fuarthas	Deontais a Íocadh ar Ais	T/C go Cuntas B/C	Ag dúnadh ar an 31 Nollaig
Deontais Roimh Ré Faoi Láthair	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**
CARG (HRB)	48,791	0	0	0	48,791
Cerviva ICE (HRB)	4,937	0	(1)	0	4,936
An Líonra Ailse Fola	22,146	0	(6,794)	(15,352)	0
Cerviva ICE 2 (HRB)	17,550	0	(17,550)	0	0
Cúram Deireadh Saoil (IHF)	0	0	0	0	0
Cosc Ailse (ICS)	3,626	86,874	0	(59,552)	30,948
Iomlán	**97,050**	**86,874**	**(24,345)**	**(74,904)**	**84,675**

Tháinig na deontais ó na heagraíochtaí seo a leanas:

An Bord Taighde Sláinte (HRB)
Molecular Medicine Ireland (MMI)
An tAontas Eorpach (AE)
Cumann Ailse na hÉireann (ICS)
Foras Ospíse na hÉireann (IHF)

10. Cuntas Caipitil

	2021 €	2020 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	105,002	99,272
Aistriú chuig an / (ón) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Deontais Chaipitil a fuarthas ón Roinn Sláinte (Vóta 38 fotheideal L1)	309,788	86,352
Méid an amúchta i gcomhréir leis an dímheas ar shócmhainní	(167,982)	(80,622)
	141,806	5,730
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	**246,808**	**105,002**

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

11. Cíosanna ar Léasa Oibriúcháin

Déanann an Bord a ghnó ó áitreabh i bPáirc Ghnó Aerfort Chorcaí. Chuathas i mbun léas nua ar an 5 Márta 2018 don tréimhse ón 1 Nollaig 2017 ar feadh 10 mbliana.

	2021 €	2020 €
Cíos Léasa a gearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	135,547	135,547

Tá na hoibleagáidí airgid seo a leanas ar an mBord faoi léasanna oibriúcháin a rachaidh in éag sa tréimhse:

Laistigh de bhliain amháin	135,732	135,732
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	544,403	544,403
Tar éis cúig bliana	125,313	260,860

12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Luach Saothair a íocadh leis an bPríomhlucht Bainistíochta

Cuimsítear leis an bPríomhlucht Bainistíochta an Bord, an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ardbhainistíochta.
B'ionann iomlán na sochar i dtaobh luach saothair gearrthéarmach i leith 2021 agus €520,755 (ÁSPC Fostóra san áireamh).
I gcomparáid leis sin, ba é €507,319 (ÁSPC Fostóra san áireamh) an figiúr i leith 2020.
Níl aon luach saothair iníoctha leis an mBord.

Glacann an Chlárlann nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Chlárlann deontais a cheadú nó socruithe conarthacha a dhéanamh le heintitis a bhfuil comhaltaí boird de chuid na Clárlainne fostaithe iontu nó a bhfuil leas eile acu iontu. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméadúchán ón mbord, ní ghlacann siad páirt i gcomhráite maidir leis na hidirbhearta sin ná ní bhíonn siad i láthair ag na comhráite sin. Coinnítear clár nochtaithe ar bun.

Íocadh táille €4,050 le Comhalta Boird in 2020 maidir le Comhairleacht le haghaidh Obair Earcaíochta. Níor tabhaíodh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara in 2021.

13. Táillí a íocadh le Comhairleoirí Seachtracha

Áirítear leis na táillí do Lucht Dlí agus Gairmithe (nóta 6) an caiteachas seo a leanas ar chomhairleoirí seachtracha.

	2021	2020
	€	€
Ceangaltais chonartha agus dhlíthiúla	2,810	13,823
Comhairle maidir le Cosaint Sonraí	29,410	20,404
Taighde	0	7,419
Tacaíocht Acmhainní Daonna/Comhairle Fostaíochta	13,880	6,624
Straitéis	11,495	4,785
Bainistíocht Athruithe	0	52,149
Tacaíocht Chomhairleachta	12,054	0
Ceardlanna/Tuarascálacha	4,275	0
	73,924	105,204

14. Ceangaltais Chaipitil

Níl aon cheangaltais chaipitil ann

15. Teagmhais tar éis an Dáta Tuairiscithe

Tháinig athrú ar chleachtais oibre mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus bhí baill foirne de chuid NCRB fós i mbun cianoibre le linn 2021. I gcomhréir leis an gcomhairle maidir le sláinte phoiblí, thosaigh NCRB ag aistriú ar ais go dtí obair ón ionad oibre féin de réir a chéile ó mhí Feabhra 2022 ar aghaidh. Feidhmeoidh NCRB socrú oibre cumaisc i gcomhréir leis an gCreat Beartais um Obair Chumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse a eisíodh i mí Aibreáin 2022.

Gnóthas leantach – Ós rud é go soláthraíonn an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse seirbhís phoiblí arna maoiniú ag an Státchiste, trína máthair-roinn, an Roinn Sláinte, measann an Chlárlann gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

16. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais ar an 20 Meitheamh 2022